

An Comhchoiste Gaeilge agus Gaeltachta  
17 Aibreán 2024

**An Taithí Oibre agus na hIntéirneachtaí atá ar fáil do Chéimithe tríú leibhéal i TG4 –  
na féidearthachtaí agus na deiseanna a bhaineann leis na hIntéirneachtaí sin.**

I Láthair ó TG4:

Lís Ní Dhálaigh, Stiúrthóir Margaíochta, Forbartha & Comhpháirtíochta.

Trevor Ó Clochartaigh, Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna TG4

Áine Lally, Bainisteoir Cumarsáide TG4.

**Ráitis ó Intéirneigh TG4**

An Foireann Intéirneigh a beidh i láthair:

Laura Pakenham – An Longfort

Clíodhna Nic Gafraidh – An Muileann gCearr, Co. Na hIarmhí

Cúán De Búrca - An Ardchathair

Caitriona Nic an tSaoir - Contae Aontroma

Oisín Ó Conaill - Baile Átha an Rí, Co. Na Gaillimhe

Saoirse Nic Aogáin - Gaeltacht Ráth Chairn i gCo. na Mí

Laura Ní Aoidhne - Dún na nGall

Chloe Ní Ghríofa - Deisceart Thiobraid Árann

Rút Ní Theimhneáin- Contae na Mí.

Laura Pakenham An Longfort

Stádas na Gaeilge sa Ghalltacht / lár na tíre agus na bealaí gur féidir leis na meáin shóisialta cabhrú leis sin?

A dhaoine uaisle, go raibh míle maith agaibh uilig as ucht an deis a bheith ag caint libh inniu. Is mise Laura Pakenham agus táim ag obair i mo chomhordaitheoir ar ábhair oideachais le TG4 Foghlaim; ardán foghlama TG4 ar líne agus ar na meáin shóisialta. An t-ábhar a bheidh á phlé agam inniu ná na meáin shóisialta mar uirlis chun an Ghaeilge a chur chun cinn lasmuigh de phobal labhartha na Gaeilge. Is as contae an Longfoirt mé agus rinne mé mo scolaíocht uilig trí Bhéarla go dtí gur bheartaigh mé céim trí Ghaeilge a bhaint amach. Níorbh éasca an tasc a bhí ann, ach d'éirigh liom agus bhain mé Baitsiléir san Oideachas trí Ghaeilge amach ó Institiúid Oideachais Marino. An plean a bhí agam ná an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den seomra ranga ach bhí mé meallta i dtreo eile. Nuair a bhí mé ag fás aníos, bhí ról amháin ag an nGaeilge i mo shaol; ábhar scoile. Dóibh siúd nach bhfuil timpeallaithe ag an teanga ar bhealach amháin nó ar bhealach eile; ar scoil, sa bhaile nó sa phobal, tá easpa infheictheachta ag an teanga. Caitheann daoine in Éirinn X uair an chloig (\* caithfidh mé an staitistic seo a fháil amach \*) ar na meáin shóisialta. Feicim é sin mar X uair an chloig chun an Ghaeilge a chur chun cinn, seachas rang Gaeilge amháin ar scoil in aghaidh an lae. Mura bhfuil an Ghaeilge le brath, le cloisteáil nó le feiceáil agus í á úsáid go nádúrtha mar theanga chumarsáide, smaioineofar uirthi mar ábhar scoile amháin. Feiceann agus cloiseann daoine mé féin agus cruthaitheoirí eile ag úsáid na Gaeilge go laethúil ar na meáin shóisialta. Sa chaoi sin, cuirfear i gcuimhne do dhaoine lasmuigh de phobal labhartha na Gaeilge go bhfuil sí beo agus go bhfuil sí in úsáid; ní hamháin sa seomra ranga. Mar sin, is spás luachmhar é na meáin shóisialta chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus chun dearcadh dearfach a chothú fúithi i measc an phobail.

Clíodhna Nic Gafraidh An Muileann gCearr, Co. Na hIarmhí

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge as an gcuireadh a thug siad dúinn labhairt anseo inniu.

Is mise Clíodhna Nic Gafraidh agus táim ag obair faoi láthair i mo chomhordaitheoir ar na meáin shóisialta le Cúla4 mar chuid de scéim taithí oibre TG4. Is é Cúla4 an chéad chainéal Gaeilge do dhaoine óga agus is pribhléid dom a bheith ag obair leis an gcainéal, go háirithe le linn a chéad bhliana ar an aer. Beidh mé ag leanúint orm ag obair le Cúla4 tar éis m'intéirneachta i mo Chúntóir Léirithe agus táim iontach sásta go mbeidh an deis sin agam.

Inniu ba mhaith liomsa labhairt faoin nGaeilge agus an t-aos óg.

Is as an Muileann gCearr dom. Níl mórán Gaeilge sna contaetha lár tíre agus ní haon eisceacht í an Iarmhí. Tá dá Ghaelscoil sa Mhuileann gCearr anois, ach fós níl Gaelcholáiste ann, cé go raibh sé seo geallta agus mise ag imeacht ón mbunscoil thart ar dhá bhliain déag ó shin. Is cinnte go raibh an Ghaeilge le cloisteáil i mo shaol agus mé ag fás aníos, ach sa scoil amháin a bhí sé sin. Ó thaobh na ndaoine sin a d'fhreastail ar Ghaelscoil an Mhuilinn liom, den chuid is mó, tá Gaeilge s'acu briste anois. Sin toisc nach raibh an deis acu freastal ar Ghaelcholáiste ná ar chúrsa Gaeltachta. Tuigim go raibh an t-ádh dearg orm go raibh mé in ann leanúint ar aghaidh le mo chuid Gaeilge le Coláiste Spleodar i gConamara. Ní bhíonn an eispéireas seo ag gach duine agus is trua ollmhór é sin.

Sular thosaigh mise ag obair le Cúla4 bhí post agam i mo Chomhordaitheoir Dara Leibhéal le Conradh na Gaeilge. Laistigh den bhliain sin ag obair leo, thug mé cuairt ar bhreis is 150 meánscoil. Bíonn sé deacair tuiscint a fháil ar an leibhéal Gaeilge a bhíonn ag daoine agus iad ag críochnú na meánscoile. Má dhéanann tú staidéar ar theanga eile don Ardteist, cosúil leis an Spáinnis nó an Fhraincis, tagann tú amach le leibhéal B2. Ní sin an cás leis an nGaeilge agus níl aon amhras ann gur gá go mbeadh athrú air seo.

Ón tréimhse atá caite agam ag obair le daltaí meánscoile tuigim an géarghá atá ann ní hamháin do Ghaelscoileanna ach do Ghaelcholáistí freisin. Agus ón am

atá caite agam ag obair le Cúla4 agus le Coláiste Spleodar, tuigim an difríocht a dhéanann an tumoideachas.

Caithfidimid tuilleadh infheistíocht a dhéanamh sa teanga. Caithfidimid a chinntiú go mbeidh an deis ag gach dalta sa tír seo tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht. Caithfidimid a chinntiú go mbeidh fáil ar gach páiste sa tír seo ar oideachas trí Ghaeilge, don bhunscoil agus don mheánscoil. Gan seo níl muid ag tabhairt an deis do dhaoine óga a bheith mar chuid den phobal iontach seo, mar chuid de phobal na Gaeilge.

Go raibh maith agaibh

Cúán De Búrca BÁC

An tábhacht tacú leis an nGaeltacht mar chroílár na teanga;

An Ghaeilge a choinneáil éigeantach ar scoil agus feabhas a chur ar an gcóras oideachais; na meáin Ghaeilge a chothú.

‘Rugadh agus tógadh mé i lár na cathrach anseo i mBaile Átha Cliath.

D’fhreastal mé ar Ghaelscoil agus ar Ghaelcholáiste, agus chaith mé ceithre bliana ag déanamh staidéir ar an nGaeilge san ollscoil. D’oibrigh mé i dteach tábhairne lán-Ghaeilge; is trí mheán na Gaeilge a labhraím le cuid mhaith de mo chuid cairde anseo san ardchathair. Is cinnte go bhfuil pobal láidir bríomhar Gaeilge sa gcathair, agus go bhfuil corás na Gaelscolaíochta ag cothú glúnta nua Gaeilgeoirí fud fad na tíre.

Tá tuiscint mhaith agam, mar sin, ar an gcuma atá ar phobal na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.

Is as an tuiscint sin a eascraíonn mo mheas ar thábhacht na Gaeltachta féin, áit a bhfuil mé ag obair faoi láthair. Níl pobal Gaeilge na Galltachta mar ionadaí ar an nGaeltacht ar chor ar bith. Cailliúint as cuimse a bheadh i mbás na Gaeltachta. Tá tú in ann saol a chaitheamh trí Ghaeilge mar is ceart sa nGaeltacht. Chuile lá, ceannaím lón i dTigh Durcan, an siopa áitiúil i mBaile na hAbhann - i nGaeilge a labhraím leis na siopadóirí; is Gaeilge bhreá dhúchais a chluinim i mo thimpeall; is i nGaeilge a chloisim máithreacha ag labhairt lena bpáistí. Cá bhfaighfeá a leithéid taobh amuigh den Ghaeltacht? Anuas ar an méid sin, ní hionann caighdeán na Gaeilge a mhúintear ar scoil agus caighdeán, blas agus saibhreas álainn aoibhinn na Gaeilge dúchais, teanga an chliabháin sa

nGaeltacht, an t-aon áit amháin sa tír ina maireann sí mar ghnáth-theanga laethúil an phobail.

Tá an dualgas ar an stáit na Gaeltachtaí a chaomhnú - mar thobar na teanga, mar cheangal lenár n-oidhreacht. Is iadsan an taise is luachmhara dá bhfuil fágtha dár gcultúr dúchais uathúil féin. Tá teipthe amach is amach ar rialtas i ndiaidh rialtais an dualgas seo a chomhlíonadh. Bliain i ndiaidh bliana, laghdaíonn méid na nGaeltachtaí. Bliain i ndiaidh bliana, íslíonn méid na gcainteoirí laethúla. Bliain i ndiaidh bliana, faigheann pobal bás, nó casann pobal ar an mBéarla. Trí scór bliain ó shin a d'imigh Gaeltacht an Chláir agus Gaeltacht Luimnigh ar shlí na fírinne; Gaeltacht an Eachréidh, fuair sí bás blianta beaga ó shin - agus a dhaoine uaisle, agus mé ag labhairt libh inniu, tá Gaeltacht Mhaigh Eo in arrangeacha a báis fhéin.

Ná bíodh aon mhearbhall orainn ar údar an mheatha seo - tá easpa seirbhísí i nGaeilge, agus easpa iarrachtaí ag leibhéil na n-údarás an Ghaeilge a chothú, ar an gcéad dul síos. Ach thar aon ní eile, feictear domsa gurb í an easpa deiseanna sna Gaeltachtaí don aos óg an chúis lárnach. Tá na Gaeltachtaí i measc na gceantracha is boichte sa tír. Gach uile bhliain, fágann daoine óga, cuisle is croí an phobail, slán leis an nGaeltacht. Imíonn siad leo sa tóir ar phostanna, ar thithíocht, sa tóir ar shaol sásúil dóibh fhéin, todhchaí i nGalltacht na hÉireann nó thar lear, agus le gach aon duine óg ag léim ar bhus, nó ar bhád, nó ar eitleán, éiríonn an Ghaeltacht níos lú agus níos lú aríst.

Tá sé mar chúram, mar dhualgas, mar fhreagracht bhunúsach ar an rialtas, oraibhse, a dhaoine uaisle, stop a chur le meath na Gaeltachta agus an Ghaeltacht a shlánú, a chaomhnú, a bhuanú, is a neartú - an scéal seo a iompú droim ar ais, sula mbeidh sé ródhéanach. Agus creidim gur féidir, má ghníomhaíonn muid le dúthracht, le huailmhian, agus le dóchas, láithreach bonn. Impím oraibh an méid sin a thabhairt libh - agus mura n-éiríonn linn, beidh seoid nach féidir luach a chur uirthi imithe uainn go deo na ndeor.'

Saoirse Nic Aogáin Gaeltacht Ráth Chairn i gCo. na Mí

Tábhacht na meán Gaeilge don déimeagrafach 18-30

Bail ó Dhia oraibh ar fad, is mise Saoirse Nic Aogáin agus is as Gaeltacht Ráth Chairn i gCo. na Mí dom.

Bíonn mise ag obair le BLOC TG4, fo-bhranda de chuid TG4 atá bunaithe ar líne agus dírithe ar dhaoine óga, rud atá bainteach leis an ábhar a theastaíonn uaim a chur faoi bhráid an chomhchoiste inniu – tábhacht na meán don déimeagrafach idir ocht mbliana déag agus tríocha bliain d’aois.

Ag an aois seo, tá daoine óga ag imeacht ón gcóras oideachas isteach go dtí an coláiste nó postanna éagsúla. Agus iad ar scoil, tá oideachas eicint trí Ghaeilge ar bun acu, ach mura ndéanann duine an cinneadh chun leanacht ar aghaidh leis an teanga san ollscoil, cailtear an teanga.

Anuas air sin, seo é an aois ina bhfuil daoine óga ag cruthú a gcuidreamh féin leis an gcultúr agus an teanga, agus iad imithe anois ón scoil. Mura bhfuil fáil fhairsing acu ar mheáin Ghaeilge ní féidir leo leanúint ar aghaidh leis seo. Tá sé an-deacair rud nach bhfuil ann a chothú.

Cabhraíonn na meáin leis an tumadh agus an cleachtadh teanga. Sin é an tábhacht atá le BLOC TG4. Cuireann muide ábhar ar fáil don déimeagrafaic seo, rud nach bhfuil ar fáil dóibh in áiteanna eile faoi láthair. Ba chóir go mbeadh tuilleadh meán ar fáil do dhaoine óga atá feiliúnach don chaoi a n-úsáideann siad na meáin. Níl daoine óga ag féachaint ar an teilifís níos mó, is ar líne atá an chuid is mó den ábhar a bhreathnaíonn siad air nó a mheallann iad.

Is léir go bhfuil éileamh ann do mheáin Ghaeilge do dhaoine óga, féach ar an ngrúpa seo mar shampla, is mise an t-aon intéirneach faoi láthair arbh as an Gaeltacht dom, tá chuile dhuine eile anseo tar éis freastal ar oideachas trí Bhéarla, agus tá siad tar éis obair na gcapall a chuir isteach chun seasamh os bhur gcomhair inniu. Ach samhlaigh dá mbeadh fáil acu ar mheáin Ghaeilge? Samhlaigh dá mbeadh sé normálta dul ar líne agus ábhar ar fáil trí Ghaeilge? Tá éileamh ann dó seo, leithéidí an cailín ciúin agus scannán Kneecap mar shampla.

Ba chóir go mbeadh meáin Ghaeilge ann do dhaoine idir ocht mbliana déag agus tríocha bliana d’aois chun an teanga agus an cultúr a chothú.

Go raibh míle maith agaibh

Chloe Ní Ghríofa Deisceart Thiobraid Árann

A Chathaoirligh, a Theachtaí agus a Sheanadóirí go raibh maith agaibh as cuireadh a thabhairt dúinn teacht os comhair an chomhchoiste inniu. Táim fíorbhuíoch as an deis iontach seo.

Is mise Chloe Ní Ghríofa agus is as deisceart Thiobraid Árann dom. Agus mé ag fás aníos ní raibh mórán Gaeilge timpeall orm i mo cheantar. D'fhreastail mé ar bhunscoil lán Béarla sa Chluainín agus is dócha gurb shin an áit ar spreagadh an grá atá agam don teanga i dtosach toisc go raibh béim curtha ar an teanga ann. D'fhreastail mé ar mheánscoil lán Béarla i gCill Náile chomh maith agus bhí an t-ádh liom go raibh an deis agam freastal ar Choláistí Samhraidh sa Ghaeltacht i Ros Muc agus Ráth Chairn le linn an tsamhraidh mar dhalta agus mar chinnire.

Inniu ba mhaith liom díriú isteach ar an tábhacht agus na féidearthachtaí atá ann leis an teicneolaíocht agus an Ghaeilge. Tá an teicneolaíocht ag fás agus ag forbairt timpeall orainn lá i ndiadh lae agus tá sé ríthábhachtach go bhfuil an teanga ag bogadh leis. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Ionad Adapt in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra i gColáiste na Tríonóide mar gheall ar an bPlean Digiteach don Ghaeilge. I measc na sintéise cainte, ABAIR, a chuireann ar chumas an phobail aon téacs digiteach a léamh amach os ard ina rogha canúna agus an tionscadal eSTÓR a chuireann ar chumas daoine atá ag obair sa riarachán poiblí ar fud na hÉireann, sonraí teanga a bhailiú agus a roinnt trí ardán tiomnaithe ar líne.

Tá an tús seo iontach agus tá sé ríthábhachtach an teicneolaíocht a chomhtháthú le teangacha, lena n-áirítear mionteangacha ar nós na Gaeilge, chun a gcaomhnú, a n-inrochtaineacht agus a n-oiriúnú don aois dhigiteach a chinntiú. Gan infheistíocht sheasmhach a dhéanamh sa teicneolaíocht, tá an teanga i mbaol. Is éard atá i gceist le hinfeistíocht sa teicneolaíocht ná meaisínáistriúchán agus Intleacht Shaorga le go mbeidh an Ghaeilge ar chomhchéim le teangacha eile san Eoraip mar ba cheart.

Mar fhocal scoir, trí leas a bhaint as cumhacht na teicneolaíochta, ní hamháin gur féidir linn caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge a chinntiú ach is féidir linn freisin éabhlóid agus ábharthacht na Gaeilge a chothú san aois dhigiteach.

Go raibh maith agaibh \*

Oisín Ó Conaill Baile Átha an Rí, Co. Na Gaillimhe

### An Ghaeilge & Spóirt

Oisín Ó Conaill is ainm dom agus is as Baile Átha an Rí mé, in Eachréidh na Gaillimhe. Táim ag obair le TG4 i m'intéirneach Spóirt. Is meascán iontach é an post seo de dhá rud atá mé an-phaiseanta faoi, an Spóirt agus an Ghaeilge. I TG4, is é an spóirt ceann de na hábhair is luachmhaire dúinn ó thaobh lucht féachana de. Bíonn breis is céad míle duine ag breathnú ar chláracha ar leith ar nós GAA Beo. Ach cé go mbíonn na figiúirí iontacha seo againn, is annamh a chloistear Gaeilge ó na himreoirí ná ó na bainisteoirí sna hagallaimh tar éis na cluichí. I mo cheantar fhéin, tá an CLG iontach láidir cosúil le go leor ceantar fud fad na tíre. Ach é sin ráite, ní fhaigheann an Ghaeilge an méid céanna suime cé gur dhá rud iad atá fite fuaite lena chéile i gcultúr na hÉireann. Gan an teanga, seans maith nach mbeadh an CLG againn ar chor ar bith. Smaoinigh ar na focail Ghaeilge a thugann brí do na cluichí: sliotar, camán, caid. Tá stair an CLG neadaithe sa Ghaeilge. Spóirt a d'imir laochra Éireannacha, leithéidi Cú Chulainn agus Na Fianna. Anois ní fheictear an Ghaeilge ach ar chúl na ngeansaithe nó b'fhéidir go gcloisfí tú abairt nó dhó ó chaptaen éigin nuair atá sé ag glacadh an choirn. Ní dóigh liom go bhfuil sé sin sásúil. Ag deireadh an lae is Éireannaigh ar fad muid agus go dtí an lá atá inniu ann, is í an Ghaeilge a thugann brí dúinn ó thaobh ár sloinnte, ár n-oidhreacht, ár logainmneacha agus ár spóirt. Is iontach an rud é go bhfuil na cluichí Gaelacha ag dul ó neart go neart bliain i ndiaidh bliana. Ach ní chóir go mbeadh páirt amháin dár gcultúr chomh rathúil sin nuair atá an pháirt is tábhachtaí ag streachailt. Is é an spóirt ceann de na rudaí is tábhachtaí i saol an duine óig inniu. Mar gheall air seo ba chóir dúinn níos mó a dhéanamh chun an nasc idir an spóirt agus ár dteanga dúchais a léiriú. Déarfainn gur chuala chuile dhuine anseo duine ag rá cheana nach raibh suim acu i nGaeilge mar thoradh ar an tslí ar múineadh í ar scoil. Bhuel sa chás sin cén fáth nach múinfidh muid an Ghaeilge inár gcleachtaí spóirt. Bealach úr, spraoiúil chun an teanga a fhoghlaim. Feictear clubanna ar nós Ghaeil na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe a úsáideann an Ghaeilge mar an príomhbhealach cumarsáide. Tá neart suime ag daoine sa taobh spórtúil den chultúr, ach an dualgas atá orainn ná an tsuim sin a chothú chun go dtiocfaidh borradh ar an ngné is tábhachtaí den chultúr, ár dteanga.

Laura Ní Aoidhne Dún na nGall

## AN GHEARCHÉIM THITHÍOCHTA SA GHAELTACHT

A dhaoine uaisle, Laura Ní Aoidhne is ainm dom, agus is as Bealach Féich, Co. Dún na nGall mé. Is mise Comhordaitheoir ar na Meáin Shóisialta le Molscéal, TG4. Is ardán é Molscéal a thugann ardán do phobail Ghaeltachta na hÉireann. Leis an obair atá ar bun agam i bPobal na Gaeltachta, buailim achan lá le daoine atá sáinnithe san fhadhb.

Tá Bille um Pleanáil agus Forbairt (2023) ag dul tríd an Dáil i láthair na huaire agus mar sin níl am ar bith níos fearr chun an topaic a phlé.

Le déanaí, d'fhoilsigh an Mheitheal Náisiúnta Pleanála Teanga alt chun aird a tharraingt ar an lóistín atá ar fáil go gearrthéarmach i gcomparáid leis an lóistín atá ar fáil go fadtéarmach. Rinneadh staidéar ar 10 nGaeltacht sa tír. Bhí 613 teach ar fáil ar Air bnb i gcomparáid le 6 ar Daft.ie. Tá srianta de dhíth ar eastáit tithíochta agus ar thithe saoire de bhun alt 29/31 den Acht Pleanála. Ní thig leis na daoine sa Ghaeltacht a bhfuil tithíocht shóisialta de dhíth orthu teach a fháil sa Ghaeltacht.

Tá todhchaí an phobail ag brath ar dhaoine óga a bheith in ann maireachtáil ina gceantair féin. Séantar cead pleanála ar dhaoine ón áit ar an ábhar, dar leis na comhairlí áitiúla, nach bhfuil 'riachtanais áitiúla' acu. Tagann sé seo salach ar pholasáí an Rialtais ó thaobh na pleanála teanga de, mar a léirítear in Acht na Gaeltachta 2012. Tá achan rud atá luaite agam inniu leagtha amach go cuimsitheach ar shuíomh Chonradh na Gaeilge, agus impím oraibh é a léamh.

Tá feachtas ar siúl ag Gaeltacht Chonamara darbh ainm 'Bánú', is í an bhrí leis sin ná 'depopulation/ devastation/ desolate/ unoccupied'. Ach go dóchasach, ciallaíonn "Bánú an lae" = Dawn of the day.

## Rút Ní Theimhneáin Contae na Mí

Dia dhaoibh a chairde, Buenas tardes,

Is mise Rút Ní Theimhneáin. Is as Cnoc Tlachta mé, taobh le Gaeltacht Ráth Chairn, Contae na Mí. Ní ansin a thosaigh ár scéalsa. Is Baile Átha Cliathach é m'athair agus is as Asunción, Paragua, Meiriceá Theas í mo mháthair. D'fhás mise aníos i dteach ilteangach agus ilchultúrtha. Labhraím féin agus mo dheartháireacha meascán idir Gaeilge, Béarla, Spáinnis agus Guaráinis sa teach. Iompaíonn mo thuismitheoirí idir Spáinnis agus Gaeilge agus iad i gcomhrá linn. Is é sin an gnáthrud dúinne. Agus mé óg ar scoil idir 2002-2009, ní raibh aon duine eile i mo rangsa a labhair teanga eachtrannach sa mbaile. Sa lá atá inniu ann, a chairde, tuigeann muid nach é seo an cás. In Éirinn, labhraítear níos mó ná 120 teanga. Cloiseann muid éagsúlacht teangacha anois ag geataí na scoile, ar an gcóras iompair phoiblí agus ar fud fad na tíre.

Is gnáthrud é níos mó ná teanga amháin a bheith ar do thoil agat. Tá 42% den domhan dátheangach! Níor cóir go gcuirfeadh sé ionadh orainn nuair a deir duine go labhraíonn siad níos mó ná teanga amháin. Ba chóir go mbeadh ionadh orainn nuair a deir duine nach bhfuil ach teanga amháin acu. Is fiú tábhacht agus béim a leagan ar theangacha sa tír seo.

Is teanga oifigiúil na tíre seo í an Ghaeilge agus ní féidir í a fhágáil ar leataobh. Bíonn páistí, déagóirí, daoine óga ar an meánscoil, daoine fásta ar an Ollscoil, tuismitheoirí, seantuismitheoirí agus gach duine idir eatarthu ag caitheamh neart ama ar na meáin shóisialta. Táim cinnte go bhfuil ar a laghad cuntas amháin meán sóisialta ag gach duine sa seomra seo. Ar amlínte daoine cloistear Francis, Gearmáinis, Seapáinis, Portaingéilis. Is cuma linn cé atá ag caint, más féidir linn éalú ón ngnáthshaol ar feadh 30 soicind agus gáire nó caoineadh a dhéanamh le strainséir éigin ar TikTok déanfaidh muid é. Le cabhair ó fhotheidil, is féidir linn ábhar ó aon chultúr, aon teanga agus ó aon choirnéal den domhan a fhí isteach inár saol laethúil. Caithfear an Ghaeilge a chur sa spás seo freisin agus í a chur ar an leibhéal céanna le teangacha eile na hEorpa agus an domhain. Tá an chumhacht againne ar fad sa seomra seo an íomhá i leith na Gaeilge a athrú agus a fhorbairt.

Mar sin, is fiú dúinn leanúint ar aghaidh ag cur an tsiamsaíocht seo a chur ar fáil i nGaeilge, go forleathan, go bródúil agus go práinneach. Tá sé mar dhualgas

orainn atá ag obair sna meáin i gcomhpháirt leis an Stát na seirbhísí seo a chur ar fáil. Ní hamháin do dhaoine anois ach don chéad ghlúin eile.

Go raibh míle maith agaibh, muchas gracias!

Caitriona Nic an tSaoir Contae Aontroma

Dia dhaoibh agus go raibh maith agaibh as an deis labhairt libh inniu. Is mise Caitriona Nic an tSaoir agus is riarthóir cumarsáide (agus láithreoir aimsire?) mé le TG4. As Contae Aontroma dom agus de bharr chomhthéacs na Sé Chontae, ní raibh/ní bhíonn ranganna Gaeilge againn ar an bhunscoil. Bhí cuid mhaith Gaeilge agam ó mo thuismitheoirí, áfach, sular thosaigh mé á foghlaim mar ábhar i meánscoil Bhéarla. An rud is mó a spreag mé féin agus na céadta eile ó thuaidh le titim i ngrá leis an Ghaeilge ná na cuairteanna a thug muid ar chúrsaí samhraidh i nGaeltacht Thír Chonaill – Leithéidí Choláiste Gael Linn, Machaire Rabhartaigh. Is cúis inní bheith ag léamh le tamall faoi na deacrachtaí atá ann mná tí a fhóstu do na coláistí Gaeilge. Ba mhór an tubaiste don ghlúin óg é dá dtiocfadh meath ar na cúrsaí Gaeltachta. Go raibh fada uainn an lá sin!

Tá réimse de scileanna nua a bhaineann le saol na hoibre sa lá atá inniu ann fíorthábhachtach dar liom i gcur chun cinn na Gaeilge. Tá ganntanas cúrsaí trí Ghaeilge ann ina gcuirtear béim ar mhargaíocht, an saol digiteach, bainistiú tionscadal srl. Sampla maith de sin an MSc sa Bhainistíocht agus Gnó Digiteach tríd an Ghaeilge in DCU a rinne mé féin le déanaí. Tá líon mór scoláirí ag teacht fríd na Gaelscoileanna agus b'fhéidir go bhfuil na cúrsaí atá ar fáil ag an triú leibhéal ródhírthe ar na hábhair acadúla, aistriúchán, oideachas?

“Beatha teanga í a labhairt”, ar ndóigh, agus sa chomhthéacs sin ba mhaith liom sampla Charn Tóchair i gContae Dhoire a lua. Tá a fhios agam go bhfuil an-mheas ag an chomhchoiste ar an mhúnla forbartha Gaeilge atá ag bláthú ansin. An ghné is suntasaí den mhúnla, creidim, ná an oiread deiseanna praiticiúla a thugann sé do Ghaeilgeoirí idir óg agus aosta teacht le chéile agus Gaeilge a labhairt go nádúrtha ar an iliomad cúiseanna. B'iontach na ceachtanna ón mhúnla sin a fhoghlaim ar bhonn níos leithne.